Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Beartas maidir le Tógáil i gCúram

d'Fhorbairtí Tithíochta Príobháideacha

RÉAMHFHOCAL

Leagtar amach sa cháipéis seo beartas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i ndáil le forbairtí tithíochta príobháideacha a thógáil i gcúram. Ní cáipéis dhlí í seo; is chun treoir a thabhairt atá sí agus sin amháin. Má bhíonn gá le soiléireacht, ba chóir tagairt a dhéanamh do na hAchtanna bunaidh.

Seo a leanas na hionstraimí reachtúla maidir leis an bpróiseas Tógáil i gCúram

- An Príomh-Acht: An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000; Alt 180: "Tógáil Eastát i gCúram",

- Leasú: An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010; Alt 59: "Leasú ar Alt 180 den Phríomh-Acht",

- Acht na mBóithre 1993, Alt 11: "Dearbhú Bóithre Poiblí",

- An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007, Alt 43: "Ceangail" Na

hAchtanna eile a luaitear anseo:

- An tAcht um Fhorbairtí Ilaonad 2011*

* Alt 12.0

CLÁR NA nÁBHAR

Réamhfhocal 2

1.0 Réamhrá. 4

2.0 Deimhniúchán. 5

3.0 Coinníollacha Ginearálta 6

4.0 Léarscáileanna Dílseacháin 9

5.0 Ceadanna Slí 9

6.0 Soilse Poiblí. 10

7.0 Bóithre agus Cosáin 10

8.0 Seirbhísí Uisce 11

9.0 Spásanna Oscailte 13

10.0 Píblínte Gáis 13

11.0 Feadáin Seirbhíse 13

12.0 Cuideachtaí faoi Bhainistíocht Úinéirí 13

13.0 Seicliosta 14

Aguisín A: Foirm TIC 1 (2014): "Iarratas chun Forbairt Tithíochta a Thógáil i gCúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe" 15

Aguisín B: - Treoir Iarratais d'Úinéirí Tí.

- Foirm TIC 2 (2014): "Iarratas chun Forbairt Tithíochta a Thógáil i gCúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, de réir Pobalbhreith na n-úinéirí tí." 25

1.1 Réamhrá

Tá an próiseas reachtúil maidir le eastáit tithíochta a thógáil i gcúram (TIC) leagtha amach in Alt 180 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, arna leasú faoin Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2010, Alt 59: "Leasú ar Alt 180 den Phríomh-Acht".

Sa chás go mbeartóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) eastát a thógáil i gcúram, tionscnófar nósanna imeachtaí faoi Acht na mBóithre 1993, Alt 11: Dearbhú Bóithre Poiblí. Éilíonn sin go nglacfaidh comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le rún ina ndearbhófar na bóithre laistigh den eastát mar bhóithre poiblí. Nuair a ghlacfar leis an rún, tógfaidh an Chomhairle Cathrach spásanna oscailte, áiteanna caitheamh aimsire, carrchlóis phoiblí, bóithre, córais séarachais, córais draenála, príomhlíonra uisce agus soilse poiblí laistigh den fhorbairt i gcúram nuair a bheidh sin indéanta.

Cuirtear creat oibre i láthair sa cháipéis seo maidir le heastát a thógáil i gcúram nuair a iarrann Forbróir nó móramh na n-úinéirí tí a bhíonn rannpháirteach go ndéanfaí amhlaidh.

Maidir le heastáit tithíochta príobháideacha, breithneoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na gnéithe a leanas den fhorbairt maidir le hEastát a thógáil i gcúram, faoi réir na gcoinníollacha agus na riachtanas atá léirithe thíos:

- Soilse Poiblí,
- Bóithre poiblí, moilliú tráchta, cosáin agus bealaí rothaíochta,
- Príomhlíonraí uisce,
- Córais séarachais uisce dromchla, draenáil uisce stoirme,
- Séarach Bréan,
- Seirbhísí Dóiteáin, hiodrant dóiteáin san áireamh,
- Limistéir pháirceála dromchla poiblí neamh-leithdháilte,
- Saoráidí caitheamh aimsire, nuair a sholáthraítear iad d'úsáid phoiblí mar choinníoll Pleanála,
- Spásanna Oscailte,

- Ballaí, fálta, teorainneacha atá buailte le spásanna oscailte, bóithre poiblí nó cosáin phoiblí, atá ann faoi láthair nó atá beartaithe, ar an dá thaobh. [Fanann ballaí teorann idir maoin phríobháideach agus spásanna oscailte / bóithre / cosáin phoiblí faoi fhreagracht úinéir na maoine agus ní thógfar sin i gcúram].

Ba chóir go dtabharfaidh forbróirí ar aird go bhfanfaidh dliteanas as na gnéithe thuas den fhorbairt, agus cothabháil ó thaobh saincheisteanna gaolmhara sláinte, sábháilteachta agus slándála, laistigh de Dhualgas Cúraim an Fhorbróra go dtí an tráth sin a dtógfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an t-eastát i gcúram.

Go ginearálta, ní thógfar codanna den fhorbairt i gcúram ach i gcás forbairtí ar scála mór d'fhéadfadh an Chomhairle Cathrach a chinneadh céim críochnaithe a thógáil i gcúram ach sin a bheith ar leithligh den chuid eile den fhorbairt, ní mór go mbeadh pointe rochtana ar leithligh chuige ar an mbóthar poiblí agus go mbeadh críochú soiléir ann idir na céimeanna. (sa chás sin, d'fhanfadh an banna don eastát in iomlán in áit go dtí go mbeadh gach céim tugtha chun críche go sásúil, faoi réir choinníollacha pleanála agus cheadú na Comhairle Cathrach).

Ba chóir go ndéanfadh iarratais maidir le forbairt chónaithe ag an gcéim pleanála an limistéar a d'fhéadfaí a thógáil i gcúram a líniú ar an léarscáil de leagan amach an láithreáin. Go ginearálta, samhlaítear go mbeidh croísheirbhísí áirithe tógtha i gcúram agus ba chóir go n-éascódh leagan amach na forbartha ceadaithe é sin trí na limistéir / na saoráidí a bheidh á dtógáil i gcúram a dheighilt ó na háiteanna sin nach mbeidh á dtógáil i gcúram: e.g. níor chóir go mbeadh séaraigh agus príomhlíonraí uisce lonnaithe faoi limistéir (tírdhreacha nó páirceáil príobháideach leithroinnte) nach gá a mbeadh á dtógáil i gcúram.

Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna seirbhísí a sholáthróidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i ndiaidh an phróisis Tógáil i gCúram a bheith tugtha chun críche:

- Cothabháil ar gach bóthar agus cosán, lena n-áirtear páirceáil ar an tsráid phoiblí,
- Líonraí uisce agus seirbhísí draenála a chothabháil, lena n-áirítear Córais Draenála Inbhuanaithe (tancanna maolúcháin etc.) nuair is infheidhme,
- Feidhmiú agus cothabháil ar stáisiúin pumpála uisce bréan agus uisce dromchla,
- Bóithre, cosáin agus limistéir tírdhreacha a dheisiú agus a athchóiriú mar thoradh ar dheisiú agus / nó cothabháil ar sheirbhísí faoi thalamh a dhéanann an Chomhairle Cathrach,
- Coimeád agus cothabháil ar shuiteálacha soilse poiblí,
- Breithneofar spásanna oscailte poiblí a chothabháil, faoi réir cheadú roimh ré a

bheith faighte ón Rannóg Páirceanna sa Chomhairle Cathrach.

2.0 Deimhniúchán

2.1 Caithfear mionsonraí den "Iarratas chun Forbairt Tithíochta a thógáil i gcúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe" a bheith deimhnithe ag innealtóir sibhialta cairte / ag innealtóir comhairleach faoi bhanna nó ag ailtire deimhnithe/faoi bhanna a bhfuil árachas slánaíochta gairmiúil acu, le híosmhéid clúdach de €6.5 milliún. Caithfidh geallúint ón innealtóir / ailtire go mbeidh an t-árachas sin á choimeád in áit ar feadh tréimhse 3 bliana tar éis dáta an deimhniúcháin sin a bheith leis an aighneacht.

2.2 Gnéithe struchtúrtha, e.g. ballaí coinneála, deimhnithe ag innealtóir struchtúr. Caithfidh an leibhéal Árachas Slánaíochta Gairmiúil a bheith comhaontaithe i scríbhinn le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tabharfar fianaise den árachas sin do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

2.3 Tabharfaidh ailtire tírdhreacha cláraithe (Institiúid Tírdhreacha na hÉireann) nó Ailtire Tírdhreacha Cairte (UK Landscape Institute) deimhniúchán d'oibreacha comhlánaithe ar spásanna oscailte poiblí agus ar thírdhreachú.

2.4 Maidir le láithreáin ina bhfuil crainn a bhí ar liosta lena gcoinneál mar chuid den eastát nua, ní mór don fhorbróir deimhniúchán a eisiúint ó chrannadóir cáilithe ón Institiúid Cranndóireachta nó ó chomhlacht gairmiúil comhionann eile.

2.5 Maidir le Saoráidí Súgartha, ní mór don fhorbóir deimhniúchán sábháilteachta agus comhlíonadh tógála a eisiúint mar a éilíonn Rannóg Páirceanna na Comhairle Cathrach (mar chuid den Rannóg Iompair, Bonneagair, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta), agus mar a bhí leagtha síos sna coinníollacha pleanála.

3.0 Coinníollacha Ginearálta

3.1 Is forbairt údaraithe an fhorbairt atá i gceist.

3.2 Tógadh an fhorbairt agus cloíodh go hiomlán leis an gCead Pleanála a deonadh.

3.3 Ní mór go mbeadh gach ranníocaíocht forbartha íoctha le Comhairle Cathrach na Gaillimhe de réir an Chead Pleanála a deonadh.

3.4 Ní mór go mbeadh gach táille ceangailte íoctha.

3.5 Caithfear aon chostais a bhaineann leis an bpróiseas TIC a bheith íoctha leis an bhForbróir / Cumann na nÁitritheoirí.

3.6 Déanfaidh an forbróir/an t-úinéir iarratas an fhorbairt a thógáil i gcúram tríd an Fhoirm TIC1 (2014) a chomhlánú "Foirm Iarratais chun Forbairt Tithíochta a Thógáil i gCúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe", mar atá in Aguisín A den cháipéis seo.

3.7 Caithfidh gach mórghné den fhorbairt, bóithre, seirbhísí, struchtúir choimeádta, ballaí teorann etc. a bheith deimhnithe ag innealtóir / ailtire mar atá ag 2.0 thuas chun cloí le ceanglais chaighdeáin reatha deartha struchtúra agus tógála. Ní mór gur innealtóir struchtúr a dheimhneodh na gnéithe struchtúr. Nuair is infheidhme, beidh íoslach deartha mar struchtúr coimeádta uisce le híosdearadh molta de Bharr-Leibhéal Uisce +4.00 m OD Malin.

3.8 Mar rogha ar 3.06, faoi alt 59 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, breithneoidh an Chomhairle Cathrach iarratas eastát a thógáil i gcúram nuair a bheidh móramh na n-úinéirí tí tar éis pobalbhreith a bheith acu agus comhaontú déanta acu iarratas a dhéanamh ar TIC. Ní mór go mbeadh an phobalbhreith sínithe in éineacht leis an bhFoirm Iarratais TIC 2 (2014) (Aguisín B) agus sin a bheith comhlánaithe in iomlán. Ní mór fianaise úinéireachta infhíoraithe ó na húinéirí tí/lucht sínithe a bheith leis an bPobalbhreith, chomh maith le háireamh tacaíochta ina léireofar go bhfuil níos mó ná 50% de na húinéirí tí tar éis í a shíniú. Breithneofar iarratas na n-úinéirí tí faoi phróis chuí, seiceálfar go bhfuil gach ní ag teacht leis na Coinníollacha Pleanála etc, agus beidh TIC an eastáit faoi réir discréid agus constaicí buiséid na Comhairle Cathrach. Má thógtar an t-eastát i gcúram, ní fhágann sin go nglanfar dliteanais an fhorbróra agus d'fhéadfadh Forfheidhmiú dul sa tóir air/uirthi maidir le saincheisteanna neamhchomhlíonta.

3.9 Ní scaoilfear aon bhannaí nó slándáil a lóisteálfar leis an Údarás Pleanála go dtí go mbreithneoidh an Chomhairle Cathrach go bhfuil na hoibreacha críochnaithe go sásúil agus go bhfuil sin ag teacht go hiomlán leis na coinníollacha pleanála.

3.10 Caithfear bóithre, cosáin, soilse poiblí, séaraigh, díoga agus príomhlíonraí uisce a thógáil de réir na riachtanas / gcaighdeán a shonraítear sna **"Moltaí d'Oibreacha Forbartha Láithreáin do Limistéir Tithíochta"** – An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (an t-eagrán is déanaí), agus san eagrán is déanaí de **"Sonraíocht d'Oibreacha Bóthair"** arna fhoilsiú ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta; mura sonraítear nó mura n-éilítear a mhalairt ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

3.11 Tabharfaidh an Forbróir fianaise don Chomhairle Cathrach go bhfuil gach Cead Slí / Cead ar Rochtain ar sheirbhísí forchoimeádta agus buan sna cáipéisí aistrithe chuig ceannaitheoirí tí.

3.12 Caithfear trí chóip de na líníochtaí mar a tógadh (scála 1:500) den fhorbairt a chur faoi bhráid na Comhairle Cathrach.

- Ní mór den fhaisnéis a leanas a bheith san áireamh sna líníochtaí:

(i) Na codanna den eastát a thógfar i gcúram (léirithe i ndath dearg), spásanna oscailte (dath uaine), bóithre, cosáin agus soilse poiblí, ainmneacha bóithre agus uimhreacha tithe. Maidir le heastáit tithíochta móra nuair a bheidh go leor líníochtaí 1/500 riachtanach chun an t-eastát a chlúdach, soláthair forluí de 20m ar a laghad. Sa chás sin beidh Léarscáil (léarscáileanna) 1/1000 den limistéar díreach atá le tógáil i gcúram inghlactha.

Ní thógfaidh an Chomhairle Cathrach i gcúram réamhchúirteanna, limistéir pháirceála príobháideacha ná limistéir chomhchoiteann príobháideacha.

Maidir le forbairtí measctha agus tithe príobháideacha a bheidh lonnaithe gar d'árasáin, tithe cathrach, árasáin dhá urlár, saoráidí siopadóireachta, naíolainne agus a léithéid, beidh gá a léiriú go soiléir ar na líníochtaí 1/500 na teorainneacha maoine do shaoráidí dá leithéid nó an limistéar a mbeidh smacht ag an gcuideachta bainistithe orthu ó thaobh cothabhála agus deisiúcháin amach anseo. Ní mór don fhorbróir ceadanna slí a dheonadh ar an gcuideachta bainistithe do sheirbhísí a ritheann trí thalamh/cosáin a bheidh le tógáil i gcúram.

(ii) Beidh gach seirbhís, lena n-áirítear líonraí uisce, comhlaí, hiodraint, séaraigh, claiseanna bóthair, feadáin/cuaillí teileachumarsáide, feadáin/cuaillí soláthróirí seirbhíse leictreachais, feadáin soláthróirí seirbhíse naisc cáblaí, príomhlíonra gáis agus gach dúnpholl / cuasán lonnaithe go cruinn ar na líníochtaí mar atáthar tógtha. Caithfear leibhéil inbhéarta agus clúdaigh na ndúnpholl a léiriú i gcomparáid le Tagra Ordanáis Malin. Léireofar ar na líníochtaí an marc airde agus an luach a úsáidtear. Caithfear na grádáin agus an treo sreabhán sna séaraigh a léiriú, chomh maith leis an achar idir dúnphoill agus trastomhas na bpíblínte.

Ní mór teideal, uimhreacha agus dáta a bheith ar na líníochtaí go soiléir. Caithfear nóta a dhéanamh d'aon leasú go bhfuil gá le hathbhreithniú agus dáta a chur leo Ní mór do na bloc teidil cloí le Treoir ISO/IEC 7 1994 nó BS 8888, na leaganacha is déanaí.

3.13 Má tá sé beartaithe go mbeadh **cuid d'fhorbairt** le cothabháil ag cuideachta bainistithe, ní mór an comhad sábháilteachta maidir leis an gcuid sin a thabhairt ar lámh don chuideachta bainistithe. Cuirfidh an fhaisnéis a bheidh sa chomhad sábháilteachta iad sin a bheidh freagrach as struchtúr agus seirbhísí ann ar an airdeall den bhaol sláinte agus sábháilteachta a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu le linn oibreacha cothabhála, deisiúcháin nó tógála eile ina dhiaidh sin.

Seo a leanas cuid den fhaisnéis iomchuí:

- líníochtaí tógála, sonraíochtaí etc. a úsáidtear agus a tháirgtear le linn an phróisis tógála,

- critéir deartha ginearálta,
- mionsonraí de threalamh agus de shaoráidí cothabhála laistigh den fhorbairt,
- nósanna imeachta cothabhála agus riachtanais don fhorbairt,
- lámhleabhair, agus nuair is cuí deimhniúcháin, arna dtáirgeadh ag conraitheoirí speisialaithe agus soláthróirí ina léireofar nósanna imeachta oibriúcháin agus cothabhála agus sceidil do ghléasra agus trealamh a shuiteálfar mar chuid den fhorbairt, ardaitheoirí, suiteálacha leictreacha agus meicniúla, suiteálacha gáis agus teasa agus glanamh fuinneog;
- mionsonraí suíomh agus nádúr fóntas agus seirbhísí, lena n-áirítear córais éigeandála agus comhrac dóiteáin.

3.14 Ach a mbeidh an fhoirm iarratais don tógáil i gcúram (agus / nó scaoileadh na mbannaí) a bheith lóisteáilte, déanfaidh an Chomhairle Cathrach cigireacht ar an eastát. Cigireachtaí i gcomhar a bheidh iontu seo idir innealtóir / ailtire an fhorbróra agus cigire na Comhairle Cathrach. Beidh ar an bhforbróir aon mhíreanna a fhaightear nach bhfuil críochnaithe nó nach bhfuil tugtha chuig an gcaighdeán riachtanach sin a dhéanamh agus is é/í an forbróir féin a íocfaidh as. Chun an próiseas TIC a éascú, féadfaidh forbróirí iarraidh ar Oifigeach Rialaithe Foirgníochta na Comhairle Cathrach páirt a ghlacadh i gcigireacht i gcomhar maidir le comhlíonadh rialaithe foirgníochta le linn tógála.

3.15 Seo a leanas an tréimhse ama don phróiseas Tógáil i gCúram:

Cuirfidh an Chomhairle Cathrach in iúl go bhfuarthas iarratas foirmiúil ar eastát a thógáil i gcúram laistigh de 4 seachtain ó fhaightear an t-iarratas i scríbhinn. Beidh foirm iarratais a bheidh comhlánaithe go cuí agus na cáipéisí gaolmhara curtha faoi bhráid chomh maith le suirbhé CCTV ar shéaraigh, iniúchadh teicniúil ar an gcóras dáileacháin uisce agus Tuarascálacha comhfhreagracha.

Déanfaidh an Chomhairle Cathrach an chéad chigireacht agus ansin beidh ar an bhforbróir saincheisteanna gan réiteach a bheith socraithe laistigh de 1 mhí nó laistigh den tréimhse a shocrófar,

Déanfaidh an Chomhairle Cathrach cigireacht an athuair laistigh de 1 mhí ó fhógrófar go bhfuil na hoibreacha leasúcháin tugtha chun críche,

Nuair a bheidh gach saincheist theicniúil, airgeadais, dlí agus dílseacháin socraithe, tionscnóidh an Chomhairle Cathrach nós imeachta reachtúil maidir le tógáil i gcúram faoi Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993, i.e. fógrófar go bhfuiltear i gceist an t-eastát a thógáil i gcúram agus lorgófar aighneachtaí. Ach a mbeidh aghaidh tugtha go sásúil ar aighneachtaí, beidh vóta ag comhaltaí tofa na Comhairle dá lánrogha féin ina dhiaidh sin maidir leis an rún an t-eastát a thógáil i gcúram.

4.0 Léarscáileanna Dílseacháin

4.1 Forbrófar na spásanna oscailte, bóithre etc. in eastát d'úsáid phoiblí, agus dírithe air sin, agus coimeádfar saor iad ó aon fhorbairt. Nuair a bheidh an fhorbairt tógtha i gcúram, aistreoidh an forbróir na limistéir phoiblí lena n-áirítear spásanna oscailte, bóithre etc. a bhíonn ainmnithe don Tógáil i gCúram chuig úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, gan aon chostas ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is réamhriachtanas é sula dtosófar ar an bpróiseas Tógáil i gCúram go mbeidh tiomantas faighte ón úinéir / bhforbróir go n-aistreofar teideal na dtailte ainmnithe chuig an gComhairle Cathrach ach a mbeidh an próiseas Tógáil i gCúram tugtha chun críche.

4.2 Caithfear an talamh a bheidh le haistriú a léiriú ar Léarscáilenna Suirbhéireacht Ordanáis bunaidh 1/2500 nó 1/1000 (nó cóipeanna deimhnithe agus stampáilte de Léarscáil OS), a chlúdóidh an t-eastát iomlán agus ní mór na limistéir Tógáil i gCúram sonrach a bheith léirithe i ndath dearg de réir riachtanais Chlárlann na Talún.

4.3 Ar léarscáil éagsúil den léarscáil a éilítear faoi 4.2, caithfear leagan amach an eastáit agus na spásanna oscailte, limistéir súgartha crua agus limistéir phobail mar chrainn, gairdíní nó coillte laistigh den limistéar Tógáil i gCúram a léiriú go soiléir agus i ndath uaine.

4.4 Ní mór go mbeadh Uimhir Thagartha an Léarsáil OS, an scála, pointe an tuaiscirt, ainm agus suíomh an eastáit le feiceáil go soiléir. Féadfar léarscáileanna digiteacha a chur faoi bhráid.

4.5 Caithfear sceideal a scríobh ar an léarscáil ina dtabharfar an t-achar in heicteár de gach spás oscailte, limistéar súgartha crua agus ina léireofar achar iomlán sínithe ag ailtire nó ag innealtóir a bhfuil an t-árachas slánaíochta acu, de réir alt 2.0. Caithfear faisnéis tagartha fóilió Chlárlann na Talún / an Údaráis Chlárúcháin Maoine iomchuí a sholáthar freisin.

4.6 Caithfear an cháipéis dílseacháin ina n-aistreofar úinéireacht na limistéir thuas chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar shuim €1 agus na sínithe riachtanacha, finéithe etc. san áireamh a bheith ceangailte leis an léarscáil seo.

5.0 Ceadanna Slí

5.1 Maidir le cead slí atá beartaithe do sheirbhísí lasmuigh den láithreán, agus ní ar bhóthar poiblí ná ar eastát atá tógtha i gcúram cheana, beidh gá le léarscáil cead slí, chomh maith leis an gCáipéis Cead Slí Caighdeánach a bhronnann ceart rochtana eisiamh

ar an gComhairle Cathrach do dhaoine agus plandaí d'fhonn obair chothabhála, deisiúcháin agus feabhsúcháin ar an tseirbhís iomchuí.

5.2 Go ginearálta, is ionann riachtanas an cheada slí agus leithead 10m leis an tseirbhís (na seirbhísí) lonnaithe go lárnach. Ach, ag brath ar mhéid, ar dhoimhneacht agus ar chineál na seirbhíse, d'fhéadfadh leithead níos mó nó níos lú a bheith inghlactha in imthosca áirithe. Ba chóir sin a sheiceáil agus a cheadú leis an gComhairle Cathrach roimh ré.

5.3 Sa chás go gceadódh an Chomhairle Cathrach ceann de na príomhlíonraí/séaraigh reatha ar an láithreán a atreorú chun éascú le forbairt nua, déanfar an t-atreorú sin ach cead a fháil ó rannóg Seirbhísí Uisce na Comhairle chomh maith le cead slí nua a fháil ag an am céanna leis na hoibreacha atreoraithe chuig caighdeáin iomchuí na Comhairle Cathrach.

6.0 Soilse Poiblí

6.1 Beidh Soilse Poiblí de réir "Moltaí d'Oibreacha Forbartha Láithreán do Limistéir Tithíochta" – An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, (1998).

6.2 Is é/í an Forbróir a bheidh freagrach as córas soilse poiblí a chothabháil agus gach muirir chumhachta go dtí go mbeidh an fhorbairt tógtha i gcúram ag an gComhairle Cathrach nó faoi rogha na Comhairle Cathrach.

6.3 Soláthróidh conraitheoir leictreachais, a bheidh ar liosta Chlár Conraitheoirí Leictreachais na hÉireann (RECI), deimhniúchán don Chomhairle Cathrach, ina sonrófar go bhfuil an suiteáil soilse poiblí laistigh den fhorbairt suiteáilte le hábhair cheadaithe agus go bhfuil an córas ag oibriú chuig na caighdeáin riachtanacha. Soláthrófar cóip den deimhniú RECI chuig an gComhairle Cathrach. Cloífidh Soilse Poiblí le coinníollacha pleanála agus beifear deimhnithe ag an soláthróir seirbhíse leictreachais.

6.4 Déanfaidh an soláthróir seirbhíse leictreachais gach caighdeán a uimhriú go soiléir, go haonair agus go huathúil.

6.5 Cuirfear an Uimhir Thagartha Mhéadarphointe (MPRN) agus na hualaí gaolmhara le gach aon micreaphiléar faoi bhráid.

7.0 Bóithre agus Cosáin

7.1 Beidh na nithe a leanas in éineacht leis an iarratas ar Thógáil i gCúram:

(i) Suirbhé faoi choinníoll na mbóithre agus na gcosán chomh maith le liosta fabhtanna a bhíonn aitheanta agus deimhniúchán go bhfuil an liosta oibreacha feabhsúcháin a comhaontaíodh leis an gComhairle Cathrach comhlíonta,

agus é seo a leanas nuair a éilíonn an Chomhairle Cathrach sin:

(ii) Torthaí thástálacha Sraonmhéadar Meáchain Titime (FWD) chun láidreacht sraitheanna tógála foghráid agus buana do bhóithre a bhreithniú.

7.2 Tógfar bóithre agus cosáin i gcúram i gcomhar le príomhlíonraí uisce, séaraigh agus spásanna oscailte. Tógfar bóithre agus cosáin de réir "Moltaí d'Oibreacha Forbartha Láithreán do Limistéir Tithíochta" – An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, (1998).

8.0 Seirbhísí Uisce

8.1 Áirítear ar ghnéithe faoin gcuid seo, príomhlíonraí uisce, séaraigh uisce dromchla, séaraigh bréan, díoga, stáisiúin phumpála, poill suite, córais draenála inbhuanaithe agus tancanna maolúcháin.

8.2 Tógfar na gnéithe sin i gcúram i gcomhar le bóithre / cosáin agus spásanna oscailte.

8.3 Cloífidh na córais príomhlíonraí uisce agus bailithe le "Moltaí d'Oibreacha Forbartha Láithreán do Limistéir Tithíochta" – An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, (1998).

Draenáil:

8.4 Fostóidh an Forbróir conraitheoir CCTV chun suirbhé CCTV/suirbhé dúnphoill a dhéanamh ar na córais séarachais bréan agus stoirme araon. Sula dtionscnófar an suirbhé sin, caithfear na séaraigh a bheith glanta amach go maith. Ceartóidh an conraitheoir aon fhabhtanna a aithnítear i réamhshuirbhé an chonraitheora agus cuirfear an **suirbhé CCTV deiridh** faoi bhráid mar chuid den iarratas Tógáil i gCúram. Is é/í an Forbróir a bheidh freagrach as aon fhabhtanna a chur ina gceart, chun sástachta na Comhairle Cathrach.

8.5 Cuirfear plean leagan amach draenála de na séaraigh mar a tógadh iad faoi bhráid i bhfoirm ullmhaithe leictreonach chuig *SUS 25*, ina léireofar mionsonraí de gach séarach ar leagan amach digitithe den eastát tithíochta mar atá sé tógtha. Ullmhófar an suirbhé dúnpholl agus leagan amach digitithe an eastáit chuig córas eangaí náisiúnta na gcomhordanáidí. Caithfear leibhéil inbhéarta agus clúdaigh na ndúnpholl a bheith léirithe i gcomparáid le tagra ordanáis Malin.

8.6 Áireofar le córas bailithe nuair is infheidhme, tancanna maolúcháin, umair pumpa, píblínte agus uirlisí eile, caithfear dearadh na nithe sin a bheith deimhnithe mar a léirítear ag alt 2.0 thuas.

8.7 I gcás córais bailithe séarachais bréan, a cheanglófar sa todhchaí don chóras poiblí, beidh gá le forbróir chun comhaontú a dhéanamh leis an gComhairle Cathrach chun an córas a chothabháil agus a oibriú idir an dá linn. Ní fhéadfar aon cheangail nua a dhéanamh leis an gcóras gan ceadú sainráite i scríbhinn a bheith faighte ón gComhairle Cathrach.

8.8 Ceangail na dtithe aonair le séaraigh: deimhneoidh an forbróir nach bhfuil aon thras-cheangail idir córais draenála uisce bréan /uisce dromchla. Ní bheidh sé inghlactha go mbeadh píopaí bréana ag ceangailt le séarach uisce dromchla nó go mbeadh píopaí uisce dromchla /draenacha ag ceangailt le séarach bréan.

Soláthar Uisce

8.9 Coimisiúnóidh an forbróir / an t-iarratasóir go ndéanfaí iniúchadh teicniúil neamhspleách ar an gcóras dáileacháin lena ullmhú ag cuideachtaí bainistithe líonra uisce speisialach agus beidh an tuarascáil a bheidh mar thoradh air sin mar chuid den iarratas TIC. Beidh ar an gcuideachta na nithe a leanas a chomhlíonadh mar chuid den iniúchadh / tuarascáil sin

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na líníochtaí den leagan amach atá ar an bpríomhlíonra uisce mar atáthar tógtha,

- Trealamh logála sonraí a shuiteáil ar an bpríomh-mhéadar ionchur dáileacháin, agus úsáidfear na torthaí sin chun an leibhéal uisce le fána / uisce gan chuntas (UFW) a mheas agus a ríomh,

- Suirbhé a dhéanamh ar gach fearas líonra lena n-áirítear bualchomhlaí, hiodraint

dóiteáin, comhlaí aeir, etc, chun cruinneas na nithe mar atá tógtha a dheimhniú,

- Tástáil Sreabha agus Brú a dhéanamh ar an hiodrant dóiteáin de réir BS 9990,

- Gach fabht a mharcáil, a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear aimhrialachtaí más ann iad ar líníochtaí an líonra,

- Tuarascáil iar-shuirbhé a dhéanamh agus na nithe seo a leanas a chur sa áireamh
  - Logáil sreafa 7 - lá a dhéanamh ar an bpríomh-mhéadar ionchur dáileacháin,
  - An leibhéal ríofa den Uisce gan Chuntas,
  - Torthaí an tSuirbhé Braite Sceite,
  - Torthaí an tsuirbhé ar fhearais an Líonra,
  - Torthaí na Tástála Hiodraint Dóiteáin,
  - Cóip marcála den líníocht ar leagan amach an líonra,
  - Moltaí, a bheidh comhdhéanta d'aitheantas agus cainníochtú sonrach ar mhionsonraí oibreacha feabhsúcháin más ann atá fós le déanamh; caithfidh an forbróir iad sin a chomhlíonadh chun sástachta na Comhairle Cathrach.

8.10 Caithfear gach príomhlíonra uisce, sconna stoptha, comhlaí, aonaid rialaithe seirbhíse uisce (boscaí teorann) agus hiodraint dóiteáin a bheith lonnaithe ar chosáin phoiblí nó ar bhóithre, agus ní mór íoschlúdach inghlactha a bheith ag cloí le mionsonraí caighdeánacha. Feisteofar gach bosca teorann ag teorainn na maoine ar an gcosán poiblí. Feisteofar sconna stoptha ar leithligh nó comhla stoptha ar gach aon teach.

8.11 Tógfar an ceangal seirbhíse uisce do gach teach i gcúram chomh fada leis an mballa teorann / cúirtealáiste an tsuímh agus áireofar an sconna stoptha leis. Is é/í an t-úinéir tí a bheidh freagrach as an tseirbhís idir an WSCU agus an córas foirgníochta inmheánach agus fágfar as an áireamh aon chuid den cheangal seirbhíse a bheidh leagtha ar an gcosán poiblí.

9.0 Spásanna Oscailte

9.1 Comhlíonfar forbairt agus tírdhreachú ar spásanna oscailte de réir an Cheada Pleanála a deonadh agus de réir cheadú Rannóg Páirceanna na Comhairle Cathrach, (An Rannóg Iompair & Bonneagair, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta).

9.2 Is é/í an forbróir a bheidh freagrach as cothabháil a dhéanamh ar limistéir spásanna

oscailte (bearradh féir san áireamh) go dtí go mbeidh an próiseas TIC tugtha chun críche.

9.3 Ailtire tírdhreacha cláraithe a dheimhneoidh na hoibreacha comhlánaithe ar spásanna oscailte agus ar thírdhreacha (Institiúid Tírdhreacha na Éireann) nó trí Ailtire Tírdhreacha Cairte (UK Landscape Institute).

10.0 Píblínte Gáis

10.1 Léireofar suíomh na bpíblínte gáis go léir ar líníochtaí mar atáthar tógtha.

10.2 Caithfear Píblínte Gáis a thógáil chuig caighdeáin reachtúla reatha agus a dheimhniú go bhfuiltear ag teacht leo.

10.3 Ní mór deimhniúchán iomlán den suiteáil ag Bord Gáis Éireann a bheith leis an Iarratas.

11.0 Feadáin Seirbhíse

11.1 Caithfear feadáin teileachumarsaide agus cumhachta a léiriú go cruinn ar líníochtaí mar atáthar tógtha.

11.2 Caithfear gach feadán seirbhíse (lena n-áirítear seirbhísí uisce agus píblínte gáis) a bheith leagtha amach ó thaobh spáis i dtrinsí de réir cóid, rialacháin agus caighdeáin chuí.

12.0 Cuideachtaí faoi Bhainistíocht Úinéirí

12.1 Sa bhreis ar 3.13, má bhíonn **cuid d'fhorbairt** á chothabháil ag cuideachta bainistithe, eg. coimpléacsanna árasán agus aonaid árasán dhá urlár, d'fhéadfadh sé go mbeadh coinníoll pleanála ann go gcaithfí cuideachta faoi bhainistíocht úinéirí a bhunú mar is ceart d'fhonn soilse poiblí, bóithre, cosáin, limistéir pháirceála, seirbhísí, limistéir chomónta agus spásanna oscailte laistigh den choimpléacs árasán/ arásán dhá urlár a chothabháil.

12.2 Sa chás sin, bheadh na soilse poiblí, na bóithre, na cosáin, na limistéir pháirceála, na seirbhísí, na limistéir chomónta agus na spásanna oscailte sin á ndílsiú ag an gCuideachta faoi Bhainistíocht Úinéirí agus chaithfí na hoibreacha a chomhlíonadh leis an gCead Pleanála a dheonfar agus ag teacht le caighdeáin teicniúla iomchuí reatha.

12.3 Ní scaoilfear leis an mbanna slándála a lóisteáiltear le Rannóg Pleanála na Comhairle Cathrach go dtí go mbeidh na nithe seo a leanas comhlíonta ag an bhforbróir

- caithfear a léiriú go bhfuil an fhorbairt tugtha chun críche go sásúil chuig ceadú na Comhairle Cathrach,

- deimhniú a thabhairt go bhfuiltear tar éis cloí leis an Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011*,

- caithfear Foirm DSI a chur faoi bhráid na Comhairle Cathrach lena phróiseáil (2013) "Foirm Iarratais chun Banna Slándála /Árachais a Scaoileadh".

*Tá an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad 2011, i bhfeidhm ón 01 Aibreán 2011, agus tá sé infheidhme maidir le forbairtí nua agus forbairtí atá ann cheana féin araon.

13.0 Seicliosta

- Áireofar na nithe seo a leanas chun eastát a thógáil i gcúram

- Foirm Iarratais TIC 1 (2014), Aguisín A, agus í comhlánaithe ag an bhforbróir / ag an úinéir; féach 3.06,

  nó i gcás pobalbhreith,

- Foirm Iarratais TIC 2 agus í comhlánaithe (2014), Aguisín B, lena n-áirítear Pobalbhreith Sínithe ó mhóramh na n-úinéirí tí; féach 3.08,

- Litir tiomantais ón bhforbóir / úinéir teideal na talún a aistriú chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe ach a mbeidh an próiseas TIC tugtha chun críche; féach 4.1,

- suirbhé séaraigh CCTV; féach 8.04, 8.05,

- Suirbhé ar an líonra uisce, iniúchadh agus tuarascáil; féach 8.09,

- Fianaise Deimhniúchán; féach 2.0,

- Deimhniúchán Soilse Poiblí; féach 6.3,

- Ceadanna Slí, Toiliú léarscáileanna a Rochtain; féach 5.0.

Aguisín A: Foirm Iarratais TIC 1 (2014)

Iarratas chun Forbairt Tithíochta a thógáil i gcúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Galway City Council
Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Iarratas chun Forbairt Tithíochta a thógáil i gcúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Ainm an Fhorbróra:			
Seoladh an Fhorbróra: Uimhir Theil:			
Suíomh na Forbartha			
Ainm na Forbartha:			
Uimhreacha Tagartha Pleanála:			
Bóithre (méadair)	Fad: m.	Leithead: m.	
Cosáin: (méadair)	Fad: m.	Leithead: m.	
Séaraigh Bréan:	Fad (m)	Trastomhas (mm)	Ábhar
An líon Dúnphoill don Séarach Bréan Manholes:	Líon.		
Séaraigh Uisce Dromchla:	Fad (m)	Trastomhas (mm)	Ábhar
An líon Dúnpholl Uisce Dromchla & Claiseanna Bóthairs:	Líon na nDúnpholl.	Líon Claiseanna Bóthair .	

Uimh Admhála an Cheada Ceangailte Séaraigh.				
& Uimh. an Cheada:				
Príomhlíonra uisce:	Fad (m)	Trastomhas (mm)	Ábhar	Aicme
Uimh Admhála an Táille				
Achar an Spáis Oscailte:				
Limistéar Forbartha:				

An líon Tithe:		
An Dlús Tithíochta in aghaidh an		
Méid an Mhéadair Uisce:		
Mionsonraí de chaidéal uisce dromchla nó de chaidéal séarachais:		
An líon Soilse Poiblí:		
Uimhir Admhála don Tobhach Forbartha:		
Banna Slándála:	Méid €	Dáta Éaga:
Dáta Tionscanta na Forbartha:		

leis an bhFoirm seo.

Líníochtaí Mar Atáthar Tógtha ("mar atá siad tógtha") comhlánaithe ag:

_____

Cáilíochtaí: _____

Ní mór na líníochtaí a bheith deimhnithe ag innealtóir sibhialta cairte faoi bhanna / ag innealtóir comhairleach nó ag ailtire deimhnithe /faoi bhanna.

Líníochtaí agus Formáid CCTV

Beidh na líníochtaí "mar atáthar tógtha" comhdhéanta de 3 chóip de cheithre líníocht ar leithligh den scála 1:500 agus sonrófar an fhaisnéis seo a leanas leo:

Líníocht 1:

Teorainn le líne dhearg ar an gcuid den fhorbairt don TIC agus léireofar leis bóithre, cosáin, soilse poiblí agus claiseanna bóthair. Suíomh na seirbhísí eile go léir agus áireofar leo cuaillí / feadáin Leictreachais, cuaillí / feadáin Gáis, Naisc Cábla/ NTL, Leathanbhanda agus telecom ar na "líníochtaí mar atáthar tógtha".

Líníocht 2:

Teorainn le líne dhearg ar an gcuid den fhorbairt don TIC agus léireofar leis leagan amach na bpríomhlíonraí uisce.

Léireoidh an leagan amach den phríomhlíonra uisce suíomh na méadar uisce, trastomhas an phríomhlíonra uisce, aicme an phríomhlíonra uisce agus áireofar leis suíomh na mbulc-mhéadar, Bosca Teorann na Méadar Uisce /aonaid ilphíobán / buacairí, comhlaí agus hiodraint.

Líníocht 3:

Léireoidh leagan amach na seirbhísí sláintíochta leagan amach agus fadcodanna de na séaraigh bréan, na séaraigh uisce dromchla, trastomhais/ábhair, suíomh na gceangal leis na séaraigh poiblí,suíomh na bpointí sceite don uisce dromchla, dúnphoill agus claiseanna bóthair. Léireofar go soiléir leibhéal inbhéarta agus leibhéal clúdaigh na ndúnpholl go léir sa phlean agus cuirfear codanna agus luachanna in iúl i gcomparáid le tagra Ordanáis Malin.

Líníocht 4: *Léarscáil a léireoidh an spás oscailte agus sin daite uaine agus sonrófar ann aon seirbhísí a thrasnaíonn an spás oscailte sin.*

Ní mór don iarratasóir trí chóip de gach aon líníocht, agus líníochtaí ar CD (formáid Autocad) a chur faoi bhráid.

Suirbhé CCTV ar Shéaraigh.

Cuirfear suirbhé CCTV/suirbhé dúnpholl ar an gcóras séaraigh, arna ullmhú chuig formáid leictreonach SUS25, faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe leis an

bhFoirm seo.

Comhlánófar an suirbhé ar chostas an fhorbróra, an úinéara.

Caithfear na séaraigh a ndéanfar suirbhé orthu a bheith glanta amach go maith sula ndéanfar an suirbhé.

Déanfar an Suirbhé CCTV le ceamara a bheidh in ann achair idir dúnphoill a thomhas agus a thaifeadadh.

Beidh an tuarascáil ón suirbhé CCTV ag cloí leis na caighdeáin arna leagan amach sa Lámhleabhar WRC ar Rangú Coinníollacha Séaraigh. Is é/í an forbróir a dheiseoidh agus a chinnteoidh go mbeidh na fabhtanna go léir a bheidh aitheanta sa chigireacht tosaigh a dhéanann an forbróir ar na córais séarachais, curtha ina gceart sula gcuirfear an suirbhé CCTV faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Sa chás go mbeadh aon fhabhtanna fós ann, is é/í an forbróir a chaithfidh íoc as na fabhtanna sin a dheisiú mar réamhriachtanas den Chomhairle Cathrach ag glacadh leis na hoibreacha agus /nó an Banna Slándála a scaoileadh.

Beidh grianghraif ardtaifigh agus taifid d'ardchaighdeán curtha ar CD-Rom, DVD nó ar mhéaróg chuimhne in éineacht le cóip chrua den tuarascáil.

Léireofar leibhéil inbhéarta agus clúdaigh na ndúnpholl mar atáthar tógtha i gcomparáid le Tagra Ordanáis Malin. Léireofar grádáin na bpíboibreacha.

<u>Ní mór don Fhorbróir na nithe seo a leanas nuair is infheidhme a sholáthar do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe</u>

- Fianaise go ndéanfar aon Cheadanna Slí / Toiliú Rochtana riachtanacha do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun rochtain gan laincisí a thabhairt ar Sheirbhísí a fhorchoimeád go buan sna cáipéisí aistrithe chuig ceannaitheoirí tí, nó páirtithe iomchuí eile,

- Cóip d'fháltais a léireoidh go bhfuil gach tobhach agus ranníocaíocht forbartha íoctha,

- Cóip den Bhanna atá comhaontaithe don fhorbairt,

- Cóip d'aon chomhfhreagras ón gComhairle Cathrach nó ó ghníomhaireacht eile maidir le treoracha suímh nó orduithe athraithe réimse a tharla le linn na céime tógála.

- Comhad Sábháilteachta i ndáil leis na limistéir Forbartha a bheidh á dtógáil i gcúram.

- Suirbhé CCTV ar shéaraigh,

- Suirbhé ar an líonra uisce, iniúchadh agus tuarascáil,

- Fianaise de Dheimhniúchán na gcomhairleoirí teicniúla agus den Árachas Slánaíochta Gairmiúil,

- Deimhniúchán maidir le Soilse Poiblí.

Cigireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar Oibreacha, liosta fabhtanna etc.

Má fhaigheann an Chomhairle Cathrach go bhfuil an fhorbairt/an t-eastát/ an bloc árasán neamhiomlán ar an gcéad chigireacht agus /nó mura bhfuiltear ag teacht leis an gcaighdeán a éilítear, beidh táille €300 in aghaidh gach cigireacht a dhéanann an Chomhairle Cathrach ina dhiaidh sin, go dtí go moltar an Tógáil i gCúram nó go Scaoilfear an Banna.

Teideal Dlí ar Thailte.

Sa chás go mbeadh bóithre, cosáin agus/nó limistéir oscailte eile á dtógáil i gcúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, beidh ar úinéir na forbartha na nithe seo a leanas a thabhairt don Chomhairle Cathrach:

Léarscáil ar a bhfuil toisí, a léireoidh go soiléir na limistéir a bheidh le tabhairt ar lámh chuig úinéireacht na Comhairle Cathrach,

Teideal dlí ar thailte: cóip gníomhas teidil; tiomantas ón úinéir an teideal dlí a aistriú chuig an gComhairle Cathrach ach a mbeidh an próiseas TIC críochnaithe, beidh gach cáipéis faoi réir sástachta chomhairleoirí dlí na Comhairle Cathrach.

Ainm agus seoladh an duine (na ndaoine) a bhfuil an teideal ina sheilbh/ina seilbh faoi láthair,

Deimhniúchán go bhfuil na Gníomhais Teidil (bunaidh) le tabhairt ar lámh don Chomhairle Cathrach.

Deimhniúchán.

Baineann an deimhniúchán thíos leis na hoibreacha mar atáthar tógtha.

Oibreacha MAR ATÁTHAR TÓGTHA:

Deimhniú Uimh.1

Deimhniúchán ó Innealtóir Sibhialta Cairte /ó Innealtóir Sibhialta Comhairleach faoi bhanna. Ní mór go mbeadh cóip d'ÁRACHAS SLÁNAÍOCHTA GAIRMIÚIL a cuideachta (chuideachta) ceangailte leis an bhFoirm seo.

Chuig: Comhairle

Cathrach na Gaillimhe,

Deimhníonn sé seo na nithe

seo a leanas:

- Tá gach séarach ceangailte le córais ar leithligh, i.e. bréan le bréan agus uisce dromchla le huisce dromchla, gan aon tras-cheangail, i.e. gan aon phíopaí draenála ó thithe aonair ag ceangailt leis an líne mhícheart,
- Ní mór go mbeadh gach séarach agus píopaí draenála den cheangal leis an séarach poiblí/córas draenála deartha agus tógtha de réir na riachtanas atá in Alt 3, "Séaraigh agus Draenacha" de chuid "Moltaí d'Oibreacha Forbartha Láithreán do Limistéir Tithíochta" arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil / DECLG agus Cuid H de na Rialacháin Foirgníochta, infheidhme ag an tráth tógála,
- Ba chóir go mbeadh gach bóthar agus cosán deartha agus tógtha de réir na riachtanas in Alt 2, "Bóithre agus Cosáin" de "Mholtaí d'Oibreacha Forbartha Laithreán do Limistéir Tithíochta" mura sonraítear nó mura n-éilítear a mhalairt ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Ba chóir go mbeadh an córas soláthair uisce deartha agus tógtha de réir na riachtanais seo a leanas
  - "Moltaí d'Oibreacha Forbartha Laithreán do Limistéir Tithíochta", Alt 4, "Soláthar Uisce",
  - Cuid G de na Rialacháin Foirgníochta, agus
  - BS EN 806-2:2005 "Sonraíocht do shuiteálacha laistigh d'fhoirgnimh a iompraíonn uisce le hól ag daoine".
- Ní mór do chuideachta bainistithe líonra uisce speisialach iniúchadh teicniúil neamhspleách a dhéanamh ar an gcóras dáilte uisce mar a bhíonn suiteáilte agus ba chóir go mbeadh an Tuarascáil a bheadh mar thoradh leis sin ceangailte leis an Iarratas seo.
- Ba chóir go mbeadh an scéim soilse poiblí mar atá suiteáilte ag cloí go hiomlán leis na caighdeáin, na rialacháin agus na hionstraimí reachtúla iomchuí; deimhniúchán

(deimhniúcháin) ceangailte.

Síniú: **Dáta:**

Dáta:

Ainm: _____

Cáilíochtaí Gairmiúla:

Tagairt don Árachas Slánaíochta Gairmiúil: (ceangail cóip).

(ceangail cóip).

Oibreacha MAR ATÁTHAR TÓGTHA:

Deimhniú Uimh.2

Deimhniúchán ó Innealtóir Sibhialta Cairte /ó Innealtóir Comhairleach/ó Ailtire / ó Pleanálaí faoi bhanna. Ní mór go mbeadh cóip d'ÁRACHAS SLÁNAÍOCHTA GAIRMIÚIL a cuideachta (chuideachta) ceangailte leis an bhFoirm seo.

Chuig: Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Deimhníonn sé seo na nithe seo a leanas:

– Tá an Fhorbairt _____(ainm) tógtha chuig na caighdeáin sonraithe cuí, agus ag cloí go hiomlán leis an **gCead Pleanála** a deonadh; Tagairt an Chláir Phleanála .

Síniú:

Dáta:

Ainm:

Cáilíochtaí Gairmiúla:

Tagairt don Árachas Slánaíochta (ceangail cóip)
Gairmiúil: (ceangail cóip)

Oibreacha MAR ATÁTHAR TÓGTHA:

Deimhniú Uimh.3

Deimhniúchán ó ailtire tírdhreacha cláraithe faoi bhanna (Institiúid Tírdhreacha na Éireann) nó ó ailtire tírdhreacha cairte faoi bhanna (UK Landscape Institute). Ní mór go mbeadh cóip d'ÁRACHAS SLÁNAÍOCHTA GAIRMIÚIL a cuideachta (chuideachta) ceangailte leis an bhFoirm seo.

Chuig: Comhairle Cathrach

na Gaillimhe, Deimhníonn sé

seo na nithe seo a leanas:

Tá **spásanna oscailte poiblí agus tírdhreachú** tugtha chun críche chun teacht go hiomlán leis an gCead (Ceadanna) Pleanála a deonadh, ag idirchaidreamh le Rannóg Páirceanna de chuid Rannóg Iompair, Bonneagair, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus le ceadú i scríbhinn uathu.

Síniú: _

Dáta: _

Ainm: _

Cáilíochtaí Gairmiúla: _

Tagairt don Árachas Slánaíochta (ceangail cóip)
Gairmiúil: _ (ceangail cóip)

Ba chóir foirmeacha comhlánaithe agus na riachtanais atá luaite a sheoladh chuig:

Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
An Rannóg Iompair, Bonneagair, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta
Halla na Cathrach,
Bóthar an
Choláiste.

Aguisín B:

- **Treoir Iarratais d'Úinéirí Tí.**
- **Foirm Iarratais TIC 2 (2014): Iarratas chun Forbairt Tithíochta a thógáil i gcúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, de réir Pobalbhreith na n-úinéirí tí."**

Treoir Iarratais d'Úinéirí Tí

B/ 1.0 Réamhrá

Ní thagann an cháipéis seo in ionad fhorálacha forfheidhmithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann sa todhchaí faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (nó leasuithe leo), nó in áit na riachtanais faoi aon Chead Pleanála chun banna nó aon urra eile a sholáthar nó a chur faoi bhráid; agus ní chuireann a bhfuil ann bac ar chumhacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Alt 180 aon urrús a thugtar chun tabhairt chun críche sásúil na forbartha a fheidhmiú. Is é an cuspóir atá leis an treoir seo creat oibre a sholáthar maidir le heastáit a thógáil i gcúram nuair a éilíonn úinéirí tí an eastáit go dteastaíonn sin uathu.

Féadfar dul sa tóir ar an bhforbróir fós maidir le forfheidhmiú i dtaobh saincheisteanna neamhchomhlíonta fiú agus an t-eastát tógtha i gcúram ag an gComhairle Cathrach.

Sa chás go bhfaigheann Comhairle Cathrach na Gaillimhe achainí ó úinéirí tí faoi Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú faoi Acht (Leasú) 2010 agus gur léir go bhfuil an fhorbairt sin críochnaithe, ansin cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an forbróir ar an eolas go bhfuarthas an achainí/an phobalbhreith agus iarrfar ar an bhforbróir tús a chur leis an bpróiseas TIC. Sa chás nach gcloífidh an forbróir leis an iarratas sin, beidh feidhm leis na treoirlínte seo a leanas maidir le próiseáil an iarratais ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

B/ 2.0 An tIarratas

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith in éineacht le gach iarratas faoi eastáit a thógáil i gcúram a dhéanann úinéirí tí:

1. Foirm Iarratais Chomhlánaithe TIC 2 (2014),
2. Pobalbhreith sínithe ó úinéirí tí an eastáit,
3. Fianaise i bhfoirm cáipéisí den úinéireacht tí,
4. Áireamh a dheimhneoidh go bhfuil níos mó ná 50% de na húinéirí tí tar éis an phobalbhreith a shíniú,
5. Litir tiomantais ón bhforbóir / úinéir go ndéanfar teideal na talún / úinéireacht na talún(tailte) ainmnithe a aistriú chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe ach a mbeidh an próiseas TIC tugtha chun críche.
6. Cóipeanna den chomhfhreagras idir úinéirí tí agus an forbróir.

Má luaitear sa Chead Pleanála gur chóir Cuideachta Bainistithe a bhunú chun cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an eastát, d'fhéadfadh an próiseas TIC a bheith faoi réir cheadú ó Rannóg Pleanála na Comhairle Cathrach.

B/ 3.0 An Próiseas

Sa bhreis ar Alt 3.08 agus ar fháil Fhoirm TIC 2 (2014) sa Chomhairle Cathrach,

tionscnóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe próiseas cigireachta ar an láithreán agus déanfar na cáipéisí a bheidh curtha faoi bhráid a mheas. Beidh cuid de na nithe seo a leanas nó iad go léir i gceist:

- Cuairteanna ar an láithreán.
- Faisnéis theicniúil a fháil (e.g. suirbhé CCTV, suirbhé ar an líonra uisce).Cruinnithe leis na húinéirí tí.
- Sa chás go mbeidh iarratais faighte, déanfaidh an Chomhairle Cathrach dianiarracht idirchaidreamh leis an bhforbróir chun aon obair nach mbíonn déanta a dhéanamh. Sa chás nach mbeidh sin indéanta, déanfaidh an Chomhairle Cathrach measúnú chun méid na n-oibreacha atá riachtanach chun an t-eastát a thabhairt suas go dtí caighdeán inghlactha a fháil amach. Faoi réir ghnáthchonstaicí buiséid, *d'fhéadfadh* sé go mbeadh maoiniú ar fáil ó acmhainní na Comhairle Cathrach chun cur leis an airgead a coimeádadh ar taisce (banna) chun go dtabharfaí na hoibreacha chun críche go sásúil.

B/ 4.0 <u>An Nós Imeachta</u>

1. Laistigh de 4 seachtaine ó fhaightear an t-iarratas don tógáil i gcúram, tabharfaidh an Chomhairle Cathrach admháil go bhfuarthas an t-iarratas.

2. Laistigh de 2 mhí ó fhaightear an t-iarratas don tógáil i gcúram, comhlíonfaidh an Chomhairle Cathrach cigireacht chuimsitheach ar an bhforbairt agus cuirfear an forbróir ar an eolas i scríbhinn faoi na saincheisteanna uile nach bhfuil déanta a bhaineann le tabhairt chun críche sásúil na forbartha.

3. Ullmhóidh an rannóg tógáil i gcúram den TIRA sceideal oibreacha de na nithe go léir atá le déanamh chun an fhorbairt a thabhairt chun críche go sásúil. Beidh tabhairt chun críche na n-oibreacha sin faoi lánrogha na Comhairle Cathrach agus beidh siad faoi réir acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.

4. Is réamhriachtanas do thosú an phróisis TIC litir tiomantais a fháil ón úinéir / ón bhforbróir chun teideal na dtailte ainmnithe a aistriú chuig an gComhairle Cathrach ar thabhairt chun críche an phróisis TIC.

5. Sa chás go molfaidh an TIRA an fhorbairt a thógáil i gcúram, cuirfear na nósanna imeachta riachtanacha faoi Alt 11 d'Acht na Bóithre 1993, fógraí poiblí etc. i bhfeidhm ansin.

6. Glacfaidh na comhaltaí tofa dá lánrogha féin le rún na bóithre laistigh den eastát a ainmniú mar bhóithre poiblí.

7. Ach a mbeidh an cinneadh déanta go dtógfar an fhorbairt i gcúram, déanfar na mionsonraí a chur isteach sa chlárlann pleanála. Ullmhófar Ordú Bainisteora ansin agus beidh léarscáil ceangailte; agus luafar leis go mbeidh an limistéar a bheidh

sainmhínithe ar an léarscáil tógtha i gcúram agus taifeadfar sin ar an gclárlann.

8. Ag teacht le 4.0 “Léarscáileanna Dílseacháin”, nuair a bheidh an fhorbairt Tógtha i gCúram, déanfaidh an t-úinéir/an forbróir na limistéir phoiblí lena n-áirítear spásanna oscailte a bhíonn ainmnithe a aistriú chuig úinéireacht dlí na Comhairle Cathach, gan aon chostas don Chomhairle Cathrach.

Galway City Council
Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Tógáil i gCúram - Foirm Iarratais Úinéirí Tí

Iarratas chun Forbairt Tithíochta a Thógáil i gCúram ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe de réir

Ainm an Chumainn Áitritheoirí, (más ann):		
Seoladh Comhfhreagrais:		
Uimhir Theileafóin:		
Ainm na Forbartha:		
Ainm an Fhorbróra:		
Suíomh na Forbartha:		
Uimhreacha Tagartha Pleanála:		
An líon Tithe:		
An Líon Árasán:		
Ar luadh Cuideachta Bainistithe sna Coinníollacha Pleanála? Má luadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh an próiseas TIC faoi réir cheadú na Rannóige Pleanála.		
Míreanna a cuireadh isteach leis an bhFoirm Iarratais seo: (Cuir tic mar is cuí√)		
- Foirm Iarratais Chomhlánaithe		
- Pobalbhreith sínithe		
- Fianaise i bhfoirm cáipéisí den úinéireacht tí		
- Áireamh a dheimhníonn go bhfuil níos mó ná 50% d'úinéirí tí tar éis síniú a thabhairt		

- Litir tiomantais ón bhforbróir/úinéir chun tailte a infheistiú sa Chomhairle Cathrach agus an te ideal a aistriú		

chuig an gComhairle Cathrach ar chomhlánú an phróisis TIC		
- Cóip den chomhfhreagras leis an bhforbróir		

Déanaimse/déanaimid na daoine a bhfuil a síniú tugtha thíos iarratas chun go dtógfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na gnéithe a leanas den fhorbairt thuas i gcúram.

Sínithe: Dáta: _

(Ionadaithe na n-úinéirí tí)

Tabhair an t-eolas seo a leanas le do thoil:

1. Soilse Poiblí	
An líon Soilse Poiblí:	
An Cineál Laindéar(laindéir):	
2. Bóithre agus Cosáin	
Fad an Bhóthair:	(méadair)
Fad na gCosán:	(méadair
3. Séaraigh Bréan	
An líon dúnpholl séaraigh bréan:	
4. Séaraigh Uisce Dromchla	
An líon dúnpholl S.W.S.:	
An líon Claiseanna Bóthair:	
5. Spásanna Oscailte (tuairim.)	
Limistéar(limistéir) _____	heicteár

Ní mór é a thabhairt ar aird Chomhairle Cathrach na Gaillimhe má bhíonn aon seirbhís ar mhaoin phríobháideach, nó ag rith trí mhaoin phríobháideach mar go bhfágann sin go mbeadh gá le Comhaontú Cead Slí (Comhaontuithe) a dhéanamh

Ba chóir Foirmeacha Comhlánaithe agus na riachtanais a luaitear a sheoladh chuig:

Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
An Rannóg Iompair, Bonneagair, Caitheamh Aimsire &
Taitneamhachta,
Halla na Cathrach,
Bóthar an